

Studied Drama | Sample Answer

Ainmnigh an dráma ó Liosta Téacsanna Dualgais T2 a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa. Ní mór teideal an drama sin agus ainm an scríbhneora a scríobh síos go cruinn.

(SEC Sample 2019 Q10)

Teideal an dráma: Na Deoraithe

Ainm an scríbhneora: Celia de Fréine

(a) Déan cur síos ar bhuaicphointe (climax/highlight) an dráma

Tá an drama seo bunaithe ar theaghlach as an Úcráin. Tá tuismitheoirí, Nikolai agus Elena, agus a bpáistí, Katya agus Nadia, ina gcónaí i gContae na Gaillimhe. Bhog siad as an Úcráin mar tá réibiliúnaigh fíochmhar ann in Úcráin. Sa dráma, tá Nikolai ag dul go dtí an stáisiún traenach chun a mháthair a bhailiú. Ach, faigheann a mháthair tacsáí go dtí an teach. Tá Elena abhaile ag fanacht dóibh nuair a shroicheann a máthair chéile (mother in law) an teach gan Nikolai. Cuireann Elena an nuacht ar siúl agus deir an léitheoir nuachta go bhfuil fear gortaithe ag an stáistiúin traenach. Is é Nikolai an fear agus tá sé gortaithe go dona (badly injured). Cuireann an rud sin an ionadh ar an léitheoir agus críochnaíonn buaicphointe an dráma go tobann mar níl a fhios againn cad a tharlaíonn do Nikolai tar éis sin.

(b) Cad a mhothaigh tú féin faoi bhuaicphointe an dráma? Cuir fáthanna le do fhreagra.

Chuir buaicphointe an dráma an-bhrón orm. Bhí Nikolai gortaithe go dona agus bhí brón le mothú go láidir ansin. Bhí níos fearr ná sin tuillte (deserved better than that) ag an teaghlach. Ba fear neamchointeach é agus thuig mé gur féidir leis an rud sin a tharla d'éinne ar bith. Buaicphointe tragóideacht agus an-bhrónach gan dabht!

(c) Scríobh síos trí cheist a chuirfeá ar do rogha carachtar amháin ón dráma atá ainmnithe agat maidir lena tharla dó/di sa dráma agus na trí fhreagra is dóigh leat a thabharfadh sé/sí. Is féidir leat do chuid ceisteanna a bhunú ar na focail sa liosta thíos, más mian leat. Bíodh mioneolas as an dráma i ngach aon fhreagra.

(Do ról, ról carachtar eile, tréith, tionchar, ceacht (lesson), mothúchán, tábhacht.)

Ainm an charachtair: Elena

Ceist 1: Conas atá Nikolai anois?

Freagra: Tá Nikolai níos fearr anois buíochas le Dia! Nuair a chonaic mé an nuacht ar an teilifís baineadh **geit** (fright) mór asam! Chuaigh sé díreach go dtí an t-ospidéal agus tá na **cneácha** (wounds) **ag cneasú** (healing). Tá sé ceart go leor agus ag feabhsú lá i ndiaidh lae.

Ceist 2: An ndeachaigh Mamó abhaile?

Freagra: Ní dheachaigh. Bhog sí anseo **go buan** (permanently). **Ní bheadh sí** (she would not be) sabháilte san Úcráin mar gheall ar an foréigean agus is aoibhinn léi am a chaitheamh lena garpháistí in Éireann. Chuaigh sí abhaile chun a cuid earraí a bhailiú agus ansin, tháinig sí ar ais go hÉireann.

Ceist 3: An maith leat do phost?

Freagra: Bhuel, tá sé ceart go leor. Oibrím go dian san ollmhargadh agus bíonn an-tuirse orm nuair a téim abhaile gach lá. Is **céim síos mór** (big drop in standards) dom an post seo mar bhí mo mhuintir go maith as san Úcráin. Ní obair **ró-thairbheach** (too rewarding) é. Ach faraoir, níl aon rogha agam ach an obair sin a dhéanamh mar tá airgead ag teastáil uainn mar theaghlach!